

Comhairle Contae Dhún Laoghaire- Ráth an Dúin Scéim Cíos 2016

(1) Dáta Tosach Feidhme

Feidhmeofar an Scéim seo le héifeacht ón lá gála an 5ú Márta 2016.

(2) An Cíos a Ríomh

Déanfar Cíos na n-áitreabh a ligtear ar Chíosanna Dífreálacha a ríomh ar bhonn ioncam reatha teaghlaigh, ach amháin i gcás 4 (d) thíos.

Is é/í an Príomhshaothraí an duine sin sa teaghlach a bhfuil an t-ioncam inmheasúnaithe is airde á fháil aige/aici. Déanfar an cíos a ríomh ar bhonn 16% d'ioncam seachtainiúil inmheasúnaithe an phríomhshaothraí is mó ná €35. Ar chíos an phríomhshaothraí a bheith ríofa, cuirfear an ríomh céanna i bhfeidhm ar ioncam foshaothraithe (.i. áititheoirí eile) sa teaghlach, ach sa chás seo, is €18 an duine a chuirfear mar uasteorainn ar ríomh an chíos le haghaidh gach foshaothraí.

Faoin Scéim seo laghdófar an cíos seachtainiúil de €1 in aghaidh gach linbh chleithiúnais (.i. duine faoi bhun 18 bliain d'aois nach bhfuil ioncam neamhspleách aige nó aici nó, ar é nó í a bheith faoi bhun 23 bliain, atá ag freastal ar chúrsa lánaimseartha san oideachas). Chun críche na Scéime seo, meastar leanbh nó mac léinn lánaimseartha faoi bhun 23 bliain d'aois a bheith á chothú/á cothú go formhór ag an bPríomhshaothraí/Foshaothraí más rud é gur lú ná €100.00 sa tseachtain a ioncam/a hioncam.

Nuair a bheifear ag cinneadh an chíos i gcás tionóntacht nua nó tionóntacht aistrithe, áireofar an t-ioncam inmheasúnaithe faoi threoir imthosca ioncaim an teaghlaigh ar dháta an ligin.

(3) Ioncam Inmheasúnaithe Duine atá Fostaithe

Is iondúil gurb é an gnáthphá seachtainiúil, lena n-áirítear ragobair, glan ar cháin ioncaim, ar mhuirear sóisialta uilíoch agus ar íocaíochtaí Á.S.P.C. (más infheidhme) ioncam inmheasúnaithe duine atá fostaithe. Fágfar cnapshuimeanna bónaís a íoctar anois is arís as an áireamh as ríomh an chíos ach amháin i gcásanna ina mbeidh an tsuim i gceist níos airde ná aon trian den bhunphá.

Sna cásanna seo déanfar an farasbarr a mheas chun críocha an chíos. Is íocaíocht inmheasúnaithe gach íocaíocht rialta eile a íoctar i mó pá.

Ní mór don fhostóir iomchuí sonraí ioncaim reatha áititheoirí fostaithe uile an teaghlaigh a dheimhniú agus ní mór don tionónta/do na tionóntaí iad a chur faoi bhráid na Comhairle go bliantúil agus/nó de réir mar a iarrfar iad. Ní mór do thionóntaí/áititheoirí ag a bhfuil conarthaí náid uaireanta cóip den chonradh iomchuí agus Ráiteas P21 nuair a bheidh sé ar fáil, nó doiciméid chuí eile a chur isteach, mar chabhair chun an t-ioncam inmheasúnaithe a chinneadh.

I gcás daoine féinfhostaithe, cinnfear ioncaim ar bhonn na n-ioncam toimhdithe mar atá sa liosta thíos.

Slí Bheatha	Ioncam Toimhdithe Glan
Tiománaithe Tacsaithe: - Úinéirí Pláta	€500
Ceadúnais	€470
Tiománaithe Fruilcharranna agus	€540
Atiománaithe	€470

Ceardaithe
Daoine nach Ceardaithe iad/Gnóthaí
Eile

(4) Measfar an t-ioncam as na foinsí seo a leanas ina iomlán chun críocha an chíos:

- (a) Ioncam as fostaíocht, lena n-áirítear féinfhostaíocht.
- (b) Gach íocaíocht árachais shóisialta agus cúnaimh shóisialta, liúntais agus pinsin, liúntais FSS agus liúntais oiliúna FÁS.
- (c) Ioncam as pinsin ar bith nó as foinsí eile nach n-áirítear in (a) ná (b) thuas.
- (d) Beidh ráta iomlán an tsochair/an liúntais infheidhme chun measúnú cíosa a dhéanamh más rud é go mbíonn Sochar Cuardaitheora Poist, Liúntas Cuardaitheora Poist nó Liúntas Leasa Forlíontach laghdaithe, á fháil ag an duine dífhostaithe faoi ailt 7-9 den Acht Leasa Shóisialaigh 2010.
- (e) Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh.

(5) Tabharfar neamhaird ar an ioncam as na foinsí seo a leanas:

- (a) Sochar Leanaí, Liúntais Dílleachta nó Pinsin Dílleachtaí
- (b) Ioncam leanaí nó mic léinn faoi bhun 23 bliain gur lú ná €100 sa tseachtain é
- (c) Liúntais Cúraim Altrama
- (d) Scoláireachtaí, Deontais Ardoideachais.
- (e) Liúntais le haghaidh cúram baile leanaí faoi mhíchumas.
- (f) Liúntais nó cúnaimh a fuarthas ó chumann carthanachta ar bith.

- (g) Liúntas Maireachtála Aonair/Liúntas Breosla.
- (h) Liúntas do Dhaoine os cionn 80 bliain.
- (i) Íocaíochtaí Bunriachtanas, iníoctha chun costais a ghlanadh do dhaoine faoi mhíchumas.

(6) Foinsí eile ioncaim:

Faoi réir na dteorainneacha atá le creidmheasanna siardhátaithe faoi Alt 12 den Scéim seo, déanfar na foinsí ioncaim atá sa liosta thíos a mheasúnú ó dháta an deimhnithe ar bhonn suime a bheidh cothrom leis an ráta cuí Leasa Shóisiala

An Clár Fostaíochta Pobail/Gateway

- An Liúntas um Fhilleadh ar an Oideachas
- An Scéim Fill ar an Obair (Fostaithe) nuair is lú ná €540 an t-ioncam comhcheangailte seachtainiúil
- An Scéim Fill ar an Obair (Féinfhostaithe) nuair is lú ná €540 an t-ioncam comhcheangailte seachtainiúil
- Fostaí le Tacaíocht ó Dheontas Geilleagair Shóisialta – ar feadh trí bliana
- An Clár Fostaíochta Pobail/Gateway/Tús
- Comhpháirtíochtaí Limistéir – ar feadh 12 mí
- Liúntas/Sochar Cúramóra. **Tabhair ar aird:** *más rud é go bhfuil an Cúramóir i bhfostaíocht freisin, déanfar an fhoinse ioncaim is mó a mheasúnú chun críocha an chíos.*

(7) Buiséad Teaghlaigh

Is é an beartas atá ann i gcás na léasanna nua go léir gur gá don tionónta/do na tionóntaí an fhoirm, Asbhaint as an mBuiséad Teaghlaigh/Buanordú, a shíniú, más cuí.

(8) Uasmhéid Cíos

Ní bheidh aon uasmhéid cíos ann.

(9) Íosmhéid Cíos

Beidh aon mhuirir chíos a ríomhfar faoin scéim seo faoi réir íosmhuirear €22.00 gan muirir bhreise faoi Alt 10 a áireamh.

(10) Muirir Bhreise

Forchoimeádann an Chomhairle aici féin an ceart muirir bhreise a chur i bhfeidhm maidir le roinnt maoin chun costas na seirbhísí breise a cuireadh ar fáil dóibh, m.sh. muirir chothabhála coirí, etc. a ghlanadh.

(11) Cíosanna Socraithe

Más rud é gur cíos socraithe atá i bhfeidhm beidh ardú €1 sa tseachtain ar an gcíos. Féadfaidh tionóntaí an rogha a dhéanamh, áfach, an cíos a íoc ar bhun ioncam-choibhneasa de réir fhorálacha na scéime seo.

(12) Athruithe ar Ioncam nó ar Imthosca Teaghlaigh

Is cóir fógra i dtaobh aon arduithe ar ioncam a thabhairt don Chomhairle a thúsce is a tharlaíonn siad ionas nach gcuirfear cíosanna siardhátaithe i bhfeidhm.

Is cóir gur leis an tréimhse faoi athbhreithniú a bhainfidh na doiciméid ina ndeimhneofar na hathruithe san ioncam teaghlaigh agus is cóir iad a chur ar fáil don Chomhairle a thúsce is a bheidh siad ar fáil. Más rud é go mbítear deireanach ag cur na ndoiciméad sin isteach ní mór do thionóntaí a bheith ar an eolasgo ndéanfar creidmheasanna cíosanna a shiardhátú (nuair is cuí) ar feadh uastréimhse 18 mí agus ar feadh na tréimhse sin amháin. Is cóir a thabhairt ar aird, más rud é go n-iarrann an Chomhairle go sonrath sonraí ioncaim ar leith a sholáthar, go bhforchoimeádann sí an ceart aici féin i gcás mainneachtana ar thaobh an tionónta an fhaisnéis sin a chur ar fáil, ioncam a thiomhdiú nó muirear pionóis a ghearradh chun críocha an mheasúnaithe.

Tabhair ar aird: Is cóir fógra i dtaobh gach athrú ar ioncam nó ar imthosca teaghlaigh a thabhairt don Chomhairle chomh luath is is féidir. I gcás go dteipfidh ar dhuine sin a dhéanamh féadfar na harduithe cíos a shiardhátú.

I gcás gur mian le tionóntaí duine sa bhreis a chur ar a gcuntas cíos, tá sé d'obleagáid orthu an fhoirm iarratais, Cead Cónaithe, atá ar fáil ón Rannóg Leithroinntí, a líonadh. Is ionann ligean do dhuine fásta bogadh isteach i maoin de chuid na Comhairle gan cead a bheith faighte roimh ré i scríbhinn ón Rannóg Leithroinntí agus an Comhaontú Tionóntachta a shárú. Má thugtar cead i scríbhinn, déanfar athbhreithniú ar an gcíos ansin ón dáta ar tugadh an cead nó ón dáta ar cuireadh an sealbhú ar taifead, cibé cé acu ba luaithe.

(13) **Cruatan**

Dá mba rud é go mbeadh íoc an chíosa a ríomhfaí de réir na Scéime ina chúis le cruatan, d'fhéadfadh go n-aontódh an Chomhairle glacadh le suim níos lú ó thionónta ar feadh tréimhse shonraithe.

(14) **Deireadh a chur le Tionóntacht**

Nuair a chuirfear deireadh le tionóntacht, cibé ar bith cén chúis a bheidh leis, beidh feidhm leis an gcíos, le fabhailrátaí agus/nó muirir mhaoine iomchuí suas go dtí an dáta ar a dtabharfar an mhaoin ar lámh don Chomhairle.